# An tSraith Pictiúr

1. Bíodh fillteán agat don Bhéaltriail amháin.

2. Ullmhaigh cárta sracfhéachana amháin do gach sraith.

3. Cuir an topaic chlúdaithe sa tsraith agus an uimhir ar bharr an leathanaigh.

4. Líon isteach an cárta le foclóir oiriúnach, frásaí maithe agus briathra a theastaíonn don chur síos.

5. Ba chóir é a líonadh tar éis an tsraith a bheith clúdaithe sa rang.

6. Agus sin déanta beidh do chárta staidéir/sracfhéachana féin cruthaithe agat.

7. Is áis iontach a bheidh anseo duit agus tú ag dul siar ar an tsraith pictiúr sa séú bliain.

8. Cinnteoidh an córas seo go mbeidh tú eagraithe agus ullamh don chuid nua seo den Bhéaltriail.

9. Déan an cur síos a chleachtadh go rialta agus ná déan dearmad go mbeidh ort ceisteanna a fhreagairt ar an tsraith agus ceisteanna a chur freisin.

# CÁRTA SRACFHÉACHANA AN DALTA DON tSRAITH PICTIÚR

**TOPAIC _____** **SRAITH PICTIÚR ____**

## A. FOCLÓIR AG TEASTÁIL

1. 8.
2. 9.
3. 10.
4. 11.
5. 12.
6. 13.
7. 14.

## B. FRÁSAÍ NUA DOMSA

1._____

2._____

3._____

4._____

5._____

6._____

## C. BRIATHRA RIACHTANACHA

SAMPLA

# CÁRTA SRACFHÉACHANA AN DALTA DON tSRAITH PICTIÚR

**TOPAIC _Lá Cois Trá____** **SRAITH PICTIÚR _12_**

## A. FOCLÓIR AG TEASTÁIL

1. Ar an trá
2. Áit ar an trá
3. Gadaí, Gadaí stop é
4. Áit pacáilte
5. An t-ádh linn
6. Trína chéile
7. An-ghnóthach
8. Málaí & tuáillí
9. Slua
10. Ag sú na gréine
11. Ar imeall na trá
12. An ghrian
13. Ag taitneamh
14. Sona sásta
15. Ag ligean mo scíthe
16. Na Gardaí
17. Ag snámh
18. Ar mo sháimhín só
19. Gadaí
20. Ionadh ar an ngadaí
21. Torann
22. 30 céim ar a laghad
23. Críoch shona ar an scéal
24. An té
25. gaineamh

## B. FRÁSAÍ NUA DOMSA

1. In ard mo chinn is mo ghutha
2. Ar nós na gaoithe
3. Dubh le daoine
4. Buíochas le Dia
5. I ndeireadh na dála
6. I mo/do/ina luí
7. I bhfaiteadh na súl
8. Ina dhiaidh sin
9. An chéad rud eile
10. Ag scoilteadh na gcloch
11. Bhí an t-ádh le ....
12. Gan fhios do...
13. Bhí gach duine ag baint taitnimh as an lá

## C. BRIATHRA RIACHTANACHA

Chas, Sciob, Rug ar, Chaith/Chaitheamar,
Chuaigh/Chuamar, Fuair /Fuairemar,
Chuir/ Chuireamar, Tharla, Bhí /Bhíomar, Chuala/Chuala,
Shocraigh/Shocraíomar(ar), Scread/Bhéic, Luí

# Lá Cois Trá



## Úsáid Go/Gur sa Chur Síos ar an tSraith Pictiúr

**Ná Déan Dearmad -** Caithfidh tú a bheith cúramach faoin gclaoninsint nuair a úsáideann tú roinnt de na focail agus frásaí thíos!

- **Ceapaim /Measaim/Sílim…**
- **Tá mé féin go láidir den tuairim…**
- **Ní féidir a shéanadh…**
- **Caithfear a rá/admháil…**
- **Tá an chosúlacht ar an scéal…**
- **Déarfainn…**

## SEO DUIT ROINNT DE NA RIALACHA IS TÁBHACHTAÍ;

### A.

| **BRIATHRA RIALTA** | **CLAONINSINT**<br>**Aimsir Láithreach & Fháistineach** | **CLAONINSINT**<br>**Aimsir Chaite** |
|---|---|---|
| Cuir/Ceannaigh/Bris/Dúisigh<br>Buail/Imir/Sciob/Cabhraigh | GO / NACH<br>+ úrú | GUR/ NÁR<br>+ séimhiú |

### B.

| **AN CHOPAIL 'IS'** | **CLAONINSINT**<br>**GUTA & F** | **CLAONINSINT**<br>**CONSAN** |
|---|---|---|
| A.Láithreach<br>A. Chaite | Gur/ gurb* *(*roimh ghutaí)*<br>Gurbh | Gur<br>Gur + h |

## Samplaí:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Ceannaím bainne gach lá | ⟹ | *Dúirt sí* **go g**ceannaíonn sí bainne |
| 2. | Bhuail mé leis | ⟹ | *Measaim* **gur b**huail mé leis |
| 3. | Cabhróidh sé liom | ⟹ | *Ceapaim* **go g**cabhróidh sé liom |
| 4. | **Is** duine deas é | ⟹ | *Sílim* **gur** duine deas é |
| **5.** | **Ba dh**eas an rud é | ⟹ | *Ní féidir a shéanadh* **gur dh**eas an rud é |

*Tá an chosúlacht ar an scéal* go raibh an aimsir go deas.

*Ní féidir a shéanadh* go raibh an trá plódaithe an lá sin.

*Caithfear a admháil* go raibh an cailín amaideach ag fágáil a mála mar sin.

*Ceapaim* go raibh siad ag baint taitnimh as an lá.

*Táim go láidir den tuairim* gur tharla a leithéid cheana ar an trá sin.

*Déarfainn* go raibh na Gardaí ag faire amach don sórt sin ruda.